Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2024 (OR. en)**

**10030/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0104(NLE)**

**PROBA 20**
**AGRI 417**
**WTO 71**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 194 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC), a mhéid a bhaineann le dhá mhodh anailíse agus Caighdeán Trádála IOC le haghaidh ola olóige agus ola phrabhaite olóige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 194 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 194 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2024
COM(2024) 194 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**
**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC), a mhéid a bhaineann le dhá mhodh anailíse agus Caighdeán Trádála IOC le haghaidh ola olóige agus ola phrabhaite olóige**

{SWD(2024) 122 final}

**IARSCRÍBHINN**

Tacóidh an tAontas Eorpach leis na leasuithe seo a leanas ar an gCaighdeán Trádála agus modhanna anailíse de chuid IOC le linn an 119ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí IOC atá le reáchtáil idir an 18 agus an 25 Meitheamh 2024 nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, ar nós imeachta é a thionscnófar roimh an gcéad seisiún rialta eile a bheidh aici i mí na Samhna 2024:

– an t- athbhreithniú ar an gCaighdeán Trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige dar teideal 'COI/T.15/NC No. 3/Rev. 19' chun an t-athbhreithniú nua ar an modh chun measúnú orgánaileipteach a dhéanamh ar olaí olóige a chur isteach;

– an modh dar teideal 'COI/T.20/Doc. No. 15/Rev. 10' (*Anailís chéadfach ar ola olóige – Modh chun measúnú orgánaileipteach a dhéanamh ar olaí olóige íona*) a athbhreithniú a mhéid a bhaineann le tuarascálacha ó phainéil bhlaiste;

– an modh dar teideal 'COI/T.20/Doc. No. 28/Rev. 3' (*Cion céaracha agus eistear eitile aigéad sailleach a chinneadh trí bhíthin crómatagrafaíocht gháis le colún ribeach*) a mhéid a bhaineann le sloinneadh na dtorthaí.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Chomhaltaí IOC oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid IOC a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle más toradh iad as leasuithe dá dtagraítear sa chéad mhír.